# Gníomhaíocht 4: Iarsmalann a chruthú

14 Sráid Henrietta Henrietta Street


Ó theach cathrach Seoirseach go tionóntán

Ag obair mar Staraí:

- Am agus Croineolaíocht
- Athrú agus Leanúnachas
- Cúis agus Éifeacht
- Ag Úsáid Fianaise
- Sintéis agus Cumarsáid
- Ionbhá




## Tasc 1: Cruthaígí Líne Ama de bhur Saol féin





- Smaoinígí ar na hócáidí tábhachtacha a tharla le linn bhur saoil, m.sh. breithlá, nó bhur gcéad lá ar scoil. Cuirigí na hócáidí seo ar líne ama san ord inar tharla siad.
- Déanaigí machnamh ar an gcineál 'fianaise' a d'fhéadfadh sibh a fháil le cur leis an líne ama, mar shampla grianghraif, earraí, pictiúir a tharraing sibh, agus ansin cuirigí le bhur líne ama iad.
- Smaoinígí ar dhuine comhaois libh féin ag fás aníos in 14 Sráid Henrietta sa ré Seoirseach. Céard iad na cosúlachtaí a bheadh idir an dá líne ama? Céard faoi na difríochtaí? An mbeadh na hócáidí céanna ar an líne ama acu nó an mbeadh rudaí difriúla ann?

## Tasc 2: Cruthaígí líne ama díbh féin agus de bhur dteaghlach nó bhur gcairde




- Cruthaígí líne ama díbh féin agus de bhur dteaghlach
- Bailígí trí chineál éagsúla fianaise le cuidiú libh bhur scéal a insint, m.sh. grianghraif, earraí, amhráin.
- Bailígí trí chineál éagsúla fianaise le cuidiú libh scéal bhur dteaghlaigh a insint, m.sh. grianghraif, earraí, cuimhní taifeadta.

**Tasc 3: Cruthaígí bhur líne ama féin. D'fhéadfaí bhur saol féin nó saol bhur dteaghlaigh, bhur gcairde nó bhur gceantair áitiúil a léiriú.**




- Cruthaígí bhur líne ama féin. D’fhéadfaí bhur saol féin nó saol bhur dteaghlaigh, bhur gcairde nó bhur gceantair áitiúil a léiriú.
- Cén cineál fianaise a d’fhéadfadh sibh a bhailiú do bhur líne ama? An foinsí príomha nó tánaisteacha iad, nó meascán den dá rud? *E.g., Roinntear fianaise ina dhá cuid: foinsí príomha (iad sin a cruthaíodh ag an am lena mbaineann siad, mar shampla grianghraif, nuachtáin, foirgnimh,) agus foinsí tánaisteacha (iad sin a cuireadh ar fáil tamall i ndiaidh na tréimshe lena mbaineann siad, mar shampla cuntas ar an saol a scríobhadh i leabhar nó téacsleabhar).*
- Bailígí cineálacha éagsúla fianaise faoi fhás aníos ar Shráid Henrietta – sa ré Seoirseach nó in aimsir na dtionóntán. An foinsí príomha nó tánaisteacha iad, nó meascán den dá rud?
- Déanaigí bhur n-iarsmalann den am atá caite agus den lá atá inniu ann: bailígí cuid den fhianaise atá liostáilte ar bhur líne ama agus faoi 14 Sráid Henrietta, agus déanaigí taispeántas di. Tugaigí turas de bhur n-iarsmalann do bhur gcairde sa rang – d’fhéadfaí é seo a dhéanamh i bhfoirm ceoil, damhsa nó drámaíochta, fiú.